ELeathanach330

Dé Luain 21 Deireadh Fómhair 2019

Seachtain na Meabhairshláinte

An tseachtain seo caite, bhí Seachtain na Meabhairshláinte ar siúl ar fud an domhain idir an 7ú - 11ú Deireadh Fómhair. Tá an tseachtain chomh tábhachtach sin go mbíonn sí ar siúl gach bliain.

I rith na seachtaine seo, bíonn béim ar leith ar dhaoine agus ar a meabhairshláinte (go háirithe daoine óga). In Éirinn, eagraíonn scoileanna gníomhaíochtaí chun airgead a bhailiú le tabhairt do charthanachtaí - 'Pieta House' mar shampla.

Cabhraíonn eagraíochtaí mar seo go mór le daoine chun a léiriú dóibh go bhfuil duine i gcónaí ann chun tacú leo, má tá aon chabhair uathu.

Cuimhnigh - ní bhíonn tú i d'aonar riamh.

X Factor le daoine cáiliúla

Tá XFactor ar ais arís, ach an uair seo, tá daoine cáiliúla ag canadh. Bhí siad ar fad i dteach Simon Cowell Dé Sathairn. Is iad Nicole Scherzinger, Louis Walsh agus Simon Cowell na moltóirí.

D'éirigh go maith le Megan Mc Kenna. Chan sí amhrán a chum sí féin. Thug an slua bualadh bos ollmhór di. Beidh an seó beo ar siúl Dé Sathairn. Tá na moltóirí ar bís faoin gclár beo. Beidh Vinnie Jones ag glacadh páirte an tseachtain seo chugainn.

Tábhacht an Spóirt



Tá páirt an-tábhachtach ag an spórt i saol gach duine. Bíonn a lán buntáistí ag baint leis.

Ní hamháin go gcabhraíonn an spórt leis an meabhairshláinte, ach cuidíonn sé le folláine ghinearálta an choirp.

Chomh maith leis sin, tugann an spórt deis iontach duit bualadh le daoine deasa. Is rud iontach é bheith i do bhall d'fhoireann.

Daoine Gan Dídean in Éirinn

De réir staitisticí nua, tá an méid daoine gan dídean tar éis méadú arís in Éirinn. Tá níos mó ná 10,300 duine gan dídean faoi láthair sa tír.

Tá tromlach na ndaoine seo i mBaile Átha Cliath.

Tá an geimhreadh ag teacht agus beidh na hoícheanta ag éirí níos fuaire. Níl sé seo ceart ná cothrom go bhfuil an Rialtas ag ligean do dhaoine maireachtáil ar na sráideanna. Ba chóir dóibh teacht ar réiteach láithreach bonn.

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,

Coláiste Mhuire, BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

European Language Label